

Prótacal COVID-19 um Oibriú go Sábháilte

Seicliosta Fostóra 5 – Glantachán agus Díghalrú

Ullmhaíodh na seicliostaí seo chun cabhrú le fostóirí, úinéirí gnó agus bainisteoirí a ngnó a chur faoi lán seoil arís ar bhealach a chabhróidh le leathadh COVID-19 a chosc. Cabhróidh an seicliosta seo leat bearta breise glantacháin agus díghalraithe a chur i bhfeidhm i d'ionad oibre.

Tabhair faoi deara: Má theastaíonn díghalrú, caithfear é a dhéanamh chomh maith leis an nglantachán, agus ní in áit an ghlantacháin riamh.

Is féidir eolas mionsonraithe faoi ghlantachán agus díghalrú a fháil ar ecdc.europa.eu.

Tá tuilleadh eolais ar gov.ie, hse.ie, hpsc.ie agus hsa.ie.

Uimh.	Bearta Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
	Procedures and Information			
1.	An bhfuil córas i bhfeidhm agat chun an chomhairle sláinte poiblí is deireanaí ón Rialtas a sheiceáil agus coinneáil ar an eolas faoi, agus chun do nósanna imeachta glantacháin a athrú de réir na comhairle sin?			
2.	An bhfuil córas i bhfeidhm agat chun glantachán cuimsitheach agus rialta a dhéanamh ar dhromchlaí a leagtar lámh orthu go minic?			
3.	Más gá dromchlaí éilithe a dhíghalrú, an bhfuil sé sin ar bun i ndiaidh an ghlantacháin?			
4.	An bhfuil na samplaí seo a leanas de dhromchlaí / pointí teagmhála a leagtar lámh orthu go minic i do phlean glantacháin? <ul style="list-style-type: none">• cláir bord agus deasc• trealamh oibre• murláin dorais, ráillí láimhe• lasca solais• leithris agus doirse seomraí leithris, sconnaí• cianrialtáin• meaisíní díola• citil, meaisíní caife, tóstaeir, micreathonnáin, murláin cuisneora• dromchlaí cistine agus murláin cófraí			
5.	An bhfuil an glantachán á dhéanamh faoi dhó sa lá agus aon uair a bhreathnaíonn saoráidí nó dromchlaí a leagtar lámh orthu go minic salach?			

Uimh.	Bearta Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
6.	An bhfuil saoráidí seomraí níocháin, seomraí locar agus spásanna comhroinnte (e.g. locair), á nglanadh faoi dhó sa lá ar a laghad agus nuair a bhreathnaíonn siad salach?			
7.	An bhfuil ábhair ghlantacháin riachtanacha tugtha agat do na hoibrithe chun a spás oibre féin a choinneáil glan, mar shampla ceirtíní/táirgí díghalraithe, tuáillí páipéir, agus boscaí/málaí bruscair? Má tá deasca sealaíochta in úsáid ag oibrithe aitheanta, an bhfuil ábhair ghlantacháin ar fáil do na hoibrithe sin chun an spás a ghlanadh sula n-úsáidtear é agus ina dhiaidh?			
8.	An bhfuil an méid atá le déanamh chun a spás oibre féin a choinneáil glan mínithe do na hoibrithe?			
9.	Más ábhartha, an bhfuil díghalrán lámh agus trealamh glantacháin tugtha d'oibrithe dá bhfeithicil oibre, agus an bhfuil glantachán ar bun roimh gach seal agus ina dhiaidh?			
10.	An bhfuil sé ráite leis an hoibrithe aon earraí pearsanta a thugann siad leo chuig an obair, ar nós fóin phóca, a ghlanadh, agus gan iad a leagan ar dhromchlaí comhroinnte? Má tharlaíonn sé sin, an bhfuil tú tar éis a rá leo an dromchla sin a ghlanadh nuair a bhaintear an t-earra pearsanta uaidh?			
11.	An bhfuil boscaí bruscair ar fáil? Cuir boscaí bruscair nach gá lámh ná cos a leagan orthu ar fáil nuair is féidir.			
12.	An bhfuil dóthain pointí bailithe dramhaíola san ionad oibre, agus an bhfuil siad á bhfolmhú go rialta i gcaitheamh an lae agus ag deireadh gach lae?			
13.	An bhfuil dóthain ábhair ghlantacháin ar fáil chun tabhairt faoin nglantachán breise?			
14.	An bhfuil oiliúint sna socruithe nua glantacháin curtha ar an bhfoireann glantacháin?			
15.	An bhfuil treoir tugtha don fhoireann na treoracha ar lipéad an táirge/na dtáirgí glantacháin agus, más gá, an Bhileog Sonraí Sábháilteachta, a léamh agus cloí leo sula n-úsáidtear iad? An bhfuil Trealamh Cosanta Pearsanta (PPE) nó éadach cosanta á gcaitheamh ag glantóirí, más cuí?			

Uimh.	Bearta Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
16.	An bhfuil eolas tugtha don fhoireann faoi úsáid, stóráil agus diúscairt shábháilte na masc/na gclúdach aghaidhe, glantachán sábháilte na gclúdach aghaidhe ina measc, más ábhartha? Féach ar ECDC video			
17.	Má dúradh leis an bhfoireann lámhainní a chaitheamh agus iad ag glanadh, an bhfuil siad ar an eolas go gcaithfidh siad a lámha a ní go maith le gallúnach agus uisce sula gcuireann siad na lámhainní orthu agus ina dhiaidh?			
18.	An bhfuil córas i bhfeidhm chun dramhaíl a dhiúscairt (idir dhramhaíl ghinearálta agus dramhaíl atá éillithe ag COVID-19)? An bhfuiltear ag cloí leis na bearta a phléitear i gcuid 10D, lgh 20–21, den Phrótacal faoi chúrsaí glantacháin?			
19.	An bhfuil córas i bhfeidhm chun a chinntiú go mbíonn trealamh glantacháin in-athúsáidte, cinn mapaí agus éadaí neamh-indiúscartha ina measc, glan sula n-athúsáidtear iad?			
20.	An bhfuil córas i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar trealamh ar nós buicéad a fholmhú agus a ghlanadh le tuaslagán úr díghalráin sula n-athúsáidtear iad?			
21.	An bhfuil réimeas breise glantacháin i bhfeidhm murar féidir le foirne/meithleacha (pods) a saoráidí comhroinnte féin a bheith acu (seomraí níocháin, cistineacha agus seomraí comhroinnte)?			
	Eolas Breise			

Ainm: _____ Síniú: _____ Dáta: _____

Is chun críche treorach amháin an t-eolas atá sa seicliosta seo, agus níl sé cuimsitheach. Níl sé ceaptha comhairle dlí a chur ort, agus níor cheart duit brath ar an eolas mar chomhairle dá leithéid. Ní thugaimid aon bharánta sainráite ná intuigthe i leith chruinneas nó iomláine an eolais. Ní bheidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta faoi dhliteanas ar aon bhealach ná go feadh méid ar bith i leith aon damáistí, cailteanais ná costais dhíreacha, indíreacha, speisialta, theagmhasacha nó iarmhartacha a eascraíonn as úsáid an tseicliosta seo.